Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 31 Bealtaine 2024**
**(OR. en)**

**10402/24**

**CLIMA 215**
**ENV 561**
**ENER 257**
**TRANS 251**
**AGRI 443**
**ECOFIN 609**
**COMPET 597**
**IND 285**
**MI 546**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Sprioc Aeráide 2040 na hEorpa<br>Díospóireacht bheartais |

1. Chun an díospóireacht bheartais maidir leis an ábhar thuasluaite ag cruinniú na Comhairle Comhshaoil an 17 Meitheamh 2024 a threorú, d'ullmhaigh an Uachtaránacht an nóta agus na ceisteanna atá i gceangal leis seo do na hairí.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an nóta agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle le haghaidh na díospóireachta beartais.

**Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Sprioc Aeráide 2040 na hEorpa**

**Díospóireacht bheartais**

**Réamhrá**

An 6 Feabhra 2024, d'fhoilsigh an Coimisiún a Theachtaireacht dar teideal '*Ár dtodhchaí a dhaingniú - Sprioc aeráide 2040 na hEorpa agus an chonair chun na haeráidneodrachta faoi 2050 lena dtógfar sochaí inbhuanaithe, chóir agus rathúil*'[1] ('an Teachtaireacht maidir le Sprioc Aeráide 2040'). Cuirtear i láthair sa Teachtaireacht fís tar éis 2030 i gcomhthéacs an athraithe aeráide atá ag géarú agus an dlús atá leis na costais a bhaineann leis san fhíorshaol. Leagtar amach ann fís don Eoraip ina samhlaítear ina mór-roinn í ag a bhfuil éiceachóras láidir tionsclaíoch, fuinneamh glan ísealcharbóin inacmhainne agus bia agus ábhair inbhuanaithe, lena ndéanfar freastal ar shaoránaigh an Aontais agus le gur athléimneach ó thaobh géarchéimeanna a bheidh ann amach anseo a bheidh an tAontas.

[1] 6291/24 + ADD 1-6

Bunaithe ar mheasúnú tionchair críochnúil, moltar sa Teachtaireacht sprioc de laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí gás ceaptha teasa (GCT) faoi 2040, i gcomparáid le 1990, chun an tAontas a choinneáil ar an mbealach ceart chun a sprioc maidir le haeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, sprioc a leagadh amach sa Dlí Aeráide Eorpach. Tá an sprioc a mholtar i gcomhréir le comhairle eolaíoch agus le gealltanais faoi Chomhaontú Pháras. A luaithe a chomhaontófar sprioc 2040, beidh sí mar bhonn do Rannchuidiú nua an Aontais arna Chinneadh go Náisiúnta (NDC) faoi Chomhaontú Pháras, atá le cur in iúl do UNFCCC i bhfad roimh COP30. Luaitear sa Teachtaireacht gur cheart leibhéal astaíochtaí GCT an Aontais atá fágtha in 2040 a bheith níos lú ná 850 Mt$CO_2$-eq agus gur cheart aistrithe carbóin dul suas go 400 Mt$CO_2$ chun laghdú 90 % ar ghlanastaíochtaí GCT a bhaint amach. Chun aistrithe talamhbhunaithe lena gceaptar carbón i mbithmhais agus in ithreacha a chomhlánú, beidh gá le haistrithe carbóin tionsclaíocha ó fhoinsí bithghineacha agus atmaisféaracha chun sprioc 2040 a bhaint amach, chomh maith le glan-nialasacht a bhaint amach faoi 2050 agus dearbhastaíochtaí diúltacha a bhaint amach ina dhiaidh sin. Áireofar orthu sin réitigh gabhála, úsáide agus stórála carbóin a imscaradh chun laghdú agus cúiteamh a dhéanamh i gcás astaíochtaí GCT ar deacair iad a mhaolú i roinnt earnálacha tionscail, san eitlíocht nó san earnáil mhuirí. Dá bhrí sin, in éineacht leis an Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040, d'fhoilsigh an Coimisiún Teachtaireacht dar teideal '*I dtreo Bainistiú Carbóin Tionsclaíoch uaillmhianach don Aontas Eorpach*'[2] ina leagtar amach straitéis chun comhbheartas cuimsitheach agus creat infheistíochta a fhorbairt le haghaidh bainistiú carbóin thionsclaíoch san Aontas lena soláthraítear deimhneacht rialála agus dreasachtaí le haghaidh infheistíocht i ngabháil, stóráil, úsáid agus aistrithe carbóin, mar shampla Bith-CCS agus DACCS.

Leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le sprioc aeráide 2040 roinnt coinníollacha cumasúcháin chun an sprioc a mholtar a bhaint amach, go háirithe cur chun feidhme iomlán chreat comhaontaithe aeráide agus fuinnimh 2030, iomaíochas thionscal na hEorpa a áirithiú, béim níos mó ar aistriú cóir nach bhfágann aon duine ar lár, cothrom iomaíochta le comhpháirtithe idirnáisiúnta, agus idirphlé straitéiseach maidir le creat iar-2030, lena n-áirítear leis an tionscal agus leis an earnáil talmhaíochta.

---

[2] 6306/24

Sa Chomhairle, rinneadh scrúdú mionsonraithe ar an Teachtaireacht agus ar an measúnú tionchair a ghabhann léi, scrúdú ar cuireadh tús leis sa Mheitheal um an gComhshaol an 12 Feabhra 2024. An 25 Márta 2024, chuir an Chomhairle (Comhshaol) tús leis an gcéad díospóireacht maidir leis an Teachtaireacht ón gCoimisiún. Tháinig tacaíocht ghinearálta chun cinn chun sprioc aeráide 2040 a leagan síos, agus measadh gurbh ábhartha na coinníollacha cumasúcháin dá dtagraítear sa Teachtaireacht.

**Staid na himeartha**

I bhfianaise chineál trasearnála na Teachtaireachta maidir le sprioc aeráide 2040, tá páirt ghníomhach tugtha ag an Uachtaránacht do na foirmíochtaí ábhartha eile de chuid na Comhairle ar an leibhéal teicniúil sa phlé ar an Teachtaireacht maidir le Sprioc Aeráide 2040 agus sa mheasúnú tionchair a ghabhann léi, lena n-áirítear fuinneamh, tionsclaíocht, iompar, talmhaíocht agus gnóthaí airgeadais. Ina theannta sin, tionóladh seisiúin thiomnaithe chun go mbeadh an Coimisiún in ann freagraí agus soiléirithe a chur ar fáil mar fhreagairt ar an iliomad ceisteanna a chuir na toscaireachtaí. D'aithin foirmíochtaí éagsúla de chuid na Comhairle gur gá an t-athrú aeráide a chur san áireamh ina n-earnálacha faoi seach agus gur gá beartais agus bearta a fhorbairt i gcomhréir le sprioc an Aontais maidir le haeráidneodracht, agus ar an gcaoi sin bealach chun cinn a chur ar fáil don aistriú[3].

[3] Féach mar shampla: Conclúidí ón gComhairle maidir le Todhchaí Bheartas Digiteach an Aontais Eorpaigh an 21 Bealtaine 2024 (9957/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Iomaíochas na hEorpa a neartú tríd an spás' an 23 Bealtaine 2024 (10142/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le luachshocrú eolais a neartú mar uirlis le haghaidh tionscal athléimneach iomaíoch agus uathriail straitéiseach i ngeilleagar oscailte san Eoraip, an 23 Bealtaine 2024 (10182/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le Tuarascáil Speisialta 28/2023 ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa – 'Soláthar Poiblí san Aontas Eorpach: Laghdú ar Iomaíocht le haghaidh Conarthaí a Dámhadh le haghaidh Oibreacha, Earraí agus Seirbhísí sna 10 mBliana suas go 2021], arna formheas an 23 Bealtaine 2024 (10358/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Tionscal Eorpach iomaíoch a spreagann ár dtodhchaí ghlas dhigiteach athléimneach' an 24 Bealtaine 2024 (10127/24); Conclúidí ón gComhairle maidir le 'Margadh Aonair chun tairbhe do chách' an 24 Bealtaine 2024 (10298/24) agus conclúidí ón gComhairle maidir le 'Bonneagar Eangaí Leictreachais Inbhuanaithe a Chur Chun Cinn' an 30 Bealtaine 2024. Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin, i nDearbhú La Hulpe maidir le Todhchaí na hEorpa Sóisialta a rinneadh le linn na Comhdhála Ardleibhéil maidir le Colún Eorpach na gCeart Sóisialta a d'eagraigh Uachtaránacht na Beilge an 15-16 Aibreán 2024, gur leagadh béim ar an aidhm aistriú cóir cothrom chuig an aeráidneodracht a chothú.

Tugadh aghaidh ar réimse leathan ábhar sa phlé ar an leibhéal teicniúil maidir le sprioc aeráide 2040. Go ginearálta, tá na toscaireachtaí den tuairim gur cheart do gach earnáil rannchuidiú leis an aistriú, ach a sainiúlachtaí agus a gcúinsí éagsúla sna Ballstáit a chur san áireamh, chomh maith leis an ngá atá le haistriú cóir agus cur chun feidhme nithiúil an aistrithe sin a áirithiú. Déantar achoimre sna ranna seo a leanas ar na pointí sonracha ar cuireadh béim orthu le linn an phlé.

**Iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa agus ról an Mhargaidh Aonair a chaomhnú**

Tá na toscaireachtaí go láidir den tuairim go bhfuil sé ríthábhachtach iomaíochas thionsclaíocht na hEorpa a chosaint agus cothrom iomaíochta a áirithiú, ar fud an domhain agus laistigh den Aontas araon. Tá taidhleoireacht ghníomhach aeráide ríthábhachtach chun iarrachtaí feabhsaithe domhanda maidir le maolú a spreagadh. Ba cheart don Aontas leas a bhaint as buntáiste an cheannródaí i margaí le haghaidh teicneolaíochtaí nua agus an leas is fearr is féidir a bhaint as an Margadh Aonair. Is féidir leis an nGníomh um Amhábhair Chriticiúla agus leis an nGníomh um an Tionscal Glan-nialasachta cuidiú le deiseanna a mhéadú chun teicneolaíochtaí nua a fhorbairt agus a mhéadú. Ag an am céanna, is gá infheistíocht a dhéanamh in oiliúint, i sciliú agus in athsciliú oibrithe, chun a áirithiú go mbeidh lucht saothair an Aontais in ann freagairt ar riachtanais an aistrithe agus ar athruithe sa mhargadh fostaíochta.

**An gá atá le tuilleadh infheistíochtaí agus comhordú feabhsaithe i gcomhthéacs forbairtí bonneagair**

Aithnítear go ginearálta an gá atá le tuilleadh infheistíochtaí, lena n-áirítear i dteicneolaíocht ghlan agus i mbonneagar le haghaidh fuinnimh agus iompair, chomh maith leis an ngá atá le bacainní a bhaint chun dlús a chur le leathadh amach an bhonneagair trasteorann. Tá creat iontaofa intuartha le haghaidh na n-infheistíochtaí sin tábhachtach ach ag an am céanna ba cheart ró-rialáil agus rómhaorlathas a sheachaint. Is príomhuirlisí iad an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus an Ciste don Nuálaíocht agus ba cheart iad a chur chun feidhme go héifeachtach. Is é an príomhscrogall an próiseas ceadaithe ar cheart é a chuíchóiriú agus a ghiorrú. Tá sé tábhachtach acmhainneacht riaracháin a fhorbairt agus treoirlínte, faisnéis agus sonraí coiteanna a chomhroinnt, le cabhair ó ardáin théamacha, b’fhéidir. Iarrtar go ginearálta go mbainfí úsáid éifeachtúil as cistí an Aontais agus go n-aithneofaí ról tábhachtach an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta. Aithnítear freisin, áfach, go bhfuil gá le níos mó caipiteal príobháideach, lena n-áirítear le haghaidh taighde, forbartha agus nuálaíochta. Ba cheart rioscaí a bhaineann le hinfheistíocht a mhaolú, mar shampla trí thacaíocht rialála nó trí shásraí comhroinnte riosca. I measc na moltaí eile a rinne na toscaireachtaí tá comhpháirtíochtaí príobháideacha/poiblí a chothú agus tionscadail agus comhar trasteorann a chur chun cinn, lena n-áirítear maidir le cistiú. Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl freisin gur gá díriú ar státchabhair chun saobhadh iomaíochta a sheachaint.

**Sineirgí agus comhleanúnachas idir an geilleagar ciorclach agus beartais aeráide**

Aithnítear go forleathan a thábhachtaí atá an geilleagar ciorclach agus éifeachtúlacht acmhainní mar mhodh chun astaíochtaí gás ceaptha teasa agus na costais don tsochaí, chomh maith le spleáchas ar allmhairí, a laghdú. Mhol roinnt toscaireachtaí go n-áireofaí cur chuige an gheilleagair chiorclaigh sa bheartas aeráide. Ba cheart beartais an gheilleagair chiorclaigh, atá dírithe ar astaíochtaí saolré a laghdú, tríd an éicidhearthóireacht mar shampla, a shaothrú. Ba cheart patrúin tomhaltais inbhuanaithe a spreagadh trí roghanna malartacha inbhuanaithe agus inacmhainne a chur ar fáil do thomhaltóirí agus trí fhaisnéis agus múscailt feasachta.

**Sprioc aeráide 2040 agus rannchuidiú aistrithe carbóin talamhbhunaithe agus teicneolaíochta**

Cé nár ghlac formhór na dtoscaireachtaí seasamh go fóill maidir le leibhéal beacht na sprice aeráide do 2040 a bheidh ann amach anseo, aontaíonn roinnt toscaireachtaí gur gá don Aontas sprioc uaillmhianach a leagan síos in am. D'iarr roinnt toscaireachtaí eile go mbeadh níos mó soiléireachta ann maidir le tionchair shóisialta agus eacnamaíocha na sprice a mholtar. Aithnítear go forleathan an gá atá le haistrithe carbóin méadaithe amach anseo ach thug roinnt toscaireachtaí rabhadh gan a bheith ag brath rómhór ar aistrithe, bídís bunaithe ar an teicneolaíocht nó ar an dúlra, agus an sprioc á dearadh acu, mar gheall ar éiginnteachtaí éagsúla. Leag roinnt toscaireachtaí béim freisin ar an ngá leis an tsaincheist maidir le glacadh an phobail a chur san áireamh. Leagann roinnt toscaireachtaí béim ar ról na bhfoinsí in-athnuaite fuinnimh mar bhunchloch an aistrithe fuinnimh agus leagann roinnt toscaireachtaí eile béim ar an ngá atá le prionsabal na neodrachta teicneolaíche a urramú. Chuir roinnt toscaireachtaí i dtreis freisin a thábhachtaí atá sé don Aontas cinneadh a dhéanamh maidir le sprioc intíre ionas go mbeidh sé in ann NDC nuashonraithe a chur in iúl i bhfad roimh COP30, i gcomhréir le Comhaontú Pháras.

**An gá atá le cur chuige iomlánaíoch d'earnáil na talmhaíochta**

I bhfianaise a thábhachtaí atá sé slándáil bia a áirithiú mar phríomhfheidhm, bheadh cur chuige iomlánaíoch ag teastáil ón earnáil talmhaíochta chun táirgeadh inbhuanaithe bia a spreagadh, lena n-áirítear cothromaíocht idir táirgeadh agus tomhaltas bia, in éineacht le deiseanna nua, lena n-áirítear an bithgheilleagar a sholáthar agus aistrithe carbóin a ghiniúint. Ba cheart bainistiú riosca agus bearta maolaithe araon a áireamh i gcur chuige comhtháite den sórt sin agus ba cheart a chur san áireamh ann an gá atá le hiomaíochas na hearnála agus ioncam cothrom d'fheirmeoirí a áirithiú. Ba cheart do na beartais feabhas a chur ar athléimneacht na hearnála agus dreasachtaí a chur ar fáil chun astaíochtaí a laghdú agus an tionchar socheacnamaíoch ar fheirmeoirí á chur san áireamh ag an am céanna.

**Ceisteanna do na hairí:**

– *Conas ba cheart sprioc aeráide AE 2040 agus creat iar-2030 a dhearadh, agus tiomantas an Aontais d'aistriú iomaíoch i dtreo na haeráidneodrachta á chur san áireamh, agus deiseanna á gcur ar fáil ag an am céanna chun ceannaireacht thionsclaíoch a fhorbairt agus aistriú cóir agus cothrom a chothú?*

– *Conas is fearr is féidir leas a bhaint as bearta atá dírithe ar an éileamh i gcomhthéacs an chreata iar-2030, lena n-áirítear úsáid níos ciorclaí ábhar agus comhroinnt an gheilleagair agus na soghluaisteachta, chun roghanna laghdaithe teicneolaíocha a chomhlánú, agus ar an gcaoi sin riachtanais agus costais infheistíochta don tsochaí a laghdú?*